## Cnuaschruinnithe: Faisnéis Thábhachtach agus Prótacail Freastail do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCanna)

- Sula ndéantar plé leis na Cnuaschruinnithe, ní mór do MNCanna cuntas a chruthú ar www.oide-droichead.com, chun clárú le haghaidh seimineár gréasáin ar líne, ina leagtar amach céimeanna an phróisis Droichead, agus é chur i gcrích. Críochnófar an seimineár gréasáin ar an ardán foghlama ar líne ceangailte, onlinelearning.oide.ie.
- Tar éis an seimineár gréasáin a chríochnú, ní mór do gach MNC dul ar ais chuig www.oide-droichead.com chun áirithint a dhéanamh le bheith rannpháirteach in dhá chnuaschruinniú:
  - **Cnuaschruinniú Ginearálta (CCG)** ina ndírítear ar shaincheisteanna leathana a bhaineann le cleachtas gairmiúil
  - **Cnuaschruinniú Dírithe (CCD)** ina dtugtar aghaidh ar ábhar sonrach agus é curtha i gcomhthéacs le riachtanais an MNC. Ní róghnóidh MNCanna ach **ceann amháin** de na Cnuaschruinnithe Dírithe atá ar fáil.
- Tá cnuaschruinnithe (CCanna) sonrach do bhealach clárúcháin an MNC (bunscoil/iar-bhunscoil). Dá bhrí sin, ní mór do MNCanna páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú/sna cnuaschruinnithe atá ábhartha dá mbealach clárúcháin amháin. Ní mór do MNCanna atá ag múineadh i Scoileanna Speisialta páirt a ghlacadh sa chnuaschruinniú a bhaineann leis an mbealach clárúcháin faoin ar chláraigh siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Éascófar an CCG aghaidh ar aghaidh in Ionaid Tacaíochta Oideachais (ITOanna) áitiúla. Éascófar CCDanna ar líne.
- Níl ach méid áirithe spásanna ar fáil agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí cnuaschruinnithe (aghaidh ar aghaidh agus ar líne), a mhaireann dhá uair an chloig, ar ceal mura mbeidh an líon íosta MNCanna atá riachtanach cláraithe.
- Le haghaidh PDF de na sleamhnáin/an Loga Foghlama Machnamhach agus eolas maidir le riachtanais na gcnuaschruinnithe do MNCanna, cliceáil ar an nasc don earnáil chuí:
  - Bunscoil https://oide.ie/ga/droichead/baile/primary/imeachtai-droichead-ag-teacht-go-luath/cnuaschruinnithe
  - Iar-bhunscoil https://oide.ie/ga/droichead/baile/iar-bhunscoil/imeachtai-droichead/cnuaschruinnithe/
  - B'fhéidir gur mhaith le MNCanna na sleamhnáin/an Loga Foghlama Machnamhach a bhreith leo chuig an gcnuaschruinniú chun tacú lena gcuid rannpháirtíochta.

- Meabhraítear do MNCanna, agus iad ag gabháil do chnuaschruinnithe go ndéanann siad amhlaidh ar bhealach gairmiúil. Táthar ag súil le hiompar, rannpháirtíocht agus comhoibriú gairmiúil agus MNC ag freastal ar agus ag plé le cnuaschruinnithe. Tá sé seo ag teacht le Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí 2016 de chuid na Comhairle Múinteoireachta: https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2025/01/an-cod-iompair-ghairmiuil-do-mhuinteoiri1.pdf. Maidir le cnuaschruinnithe ar líne, ní mór do MNCanna a bheith i dtimpeallacht ar léir gur timpeallacht foghlama gairmiúla í agus is gá go mbeidh MNCanna **infheicthe** agus **inchloiste** le linn an imeachta ar fad.
- Meabhraítear do MNCanna mura gcloíonn siad leis na prótacail nach dtabharfar creidiúint dóibh gur chomhlíon siad an riachtanais maidir le cnuaschruinnithe.

## Roimh Chnuaschruinnithe

- Ní mór go ndearna MNCanna iarratas ar Droichead trí www.teachingcouncil.ie/ga/ agus ríomhphost deimhniúcháin a bheith faighte acu ón gComhairle Mhúinteoireachta (a thugann faomhadh chun tús a chur leis an bpróiseas Droichead) sula dtabharfaidh siad faoi aon chnuaschruinniú.
- **Ní thabharfar creidiúint tinrimh do MNCanna atá ag gabháil do chnuaschruinnithe gan ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta.**
- Nuair a fhaightear an ríomhphost deimhniúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta, ní mór do MNCanna cuntas a chruthú ar www.oide-droichead.com chun clárú le haghaidh seimineár gréasáin ar líne, ina leagtar amach céimeanna an phróiseis Droichead, agus é a chur í gcrích.
- Tar éis an seimineár gréasáin a chríochnú, ní mór do MNCanna clárú agus áit a chur in áirithe dá gcéad CC eile (an CCG nó an CCD) ar www.oide-droichead.com/register/. Nuair a bhíonn áit á cur in áirithe acu don CCG, is féidir le MNCanna an t-Ionad Tacaíochta Oideachais dá rogha féin a phiocadh. Ní bheidh an CCG ar fáil gach seachtain i ngach ITO.
- Tá sé riachtanach go mbeidh an t-ainm agus Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta (UCCM) a úsáideadh chun clárú do CCanna mar an gcéanna leis an ainm agus an Uimhir Chlárúcháin a úsáideadh do Chlárúchán MNC leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Beidh dátaí agus amanna sonracha do gach imeacht cnuaschruinnithe ar fáil le cur in áirithe ar www.oide-droichead.com/, ar aon dul le **Féilire do Chnuaschruinnithe Droichead 2026.2027**. Is féidir le MNCanna cliceáil ar Droichead - Féilire do Chnuaschruinnithe 2026.2027 chun an féilire a fheiceáil. Gheobhaidh MNCanna

ríomhphost chun a n-áirithint a dheimhniú. Níl MNC nach bhfuair ríomhphost deimhniúcháin go pearsanta ag deimhniú a n-áirithint incháilithe chun freastal air.

- Eiseofar dátaí agus amanna aontaithe do chnuaschruinnuithe de réir a chéile i rith na bliana.
- Mura gcomhlíontar an líon íosta rannpháirtithe atá riachtanach le haghaidh cnuaschruinniú, d'fhéadfaí an t-imeacht a chur ar ceal. Cuirfear in iúl do MNCanna go bhfuil sé curtha ar ceal agus go mbeidh orthu dáta eile a roghnú. Eiseofar fógraí cealaithe dhá lá roimh an imeacht roghnaithe - bíodh sin aghaidh ar aghaidh nó ar líne. Tabhair do d'aire go gcuirfear líon leordhóthanach de chnuaschruinnithe ar fáil chun freastal ar riachtanais na MNCanna.
- Má theastófar tuilleadh tacaíochta le clárú nó áirithint do chnuaschruinnithe déan teagmháil le NQTinduction@oide.ie.

## I Rith Cnuaschruinnithe

**Cnuaschruinniú Ginearálta (CCG) Aghaidh ar Aghaidh:**

- **Riachtanas deimhnithe:** Ní mór do MNCanna freastal ar an gcnuaschruinniú ar feadh dhá uair iomlána chun deimhniú a fháil. Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó ná 15 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar bhileog sínigh isteach an imeachta.
- **Neamhchomhlíonadh:** Mura gcomhlíontar an riachtanas seo, is féidir go gcoinneofaí siar an deimhniú agus go caithfí an cruinniú a athdhéanamh.
- **Pleanáil taistil:** Meabhraítear do MNCanna a dturas a phleanáil roimh ré chun a chinntiú go dtiocfaidh siad go luath chuig an Ionad Tacaíochta Oideachais atá roghnaithe acu.
- Sa chás go dtagann MNC níos mó ná 15 nóiméad mall nó má theastaíonn uathu imeacht níos mó ná 15 nóiméad luath, ní mór dóibh an doiciméad maidir le Teacht go Mall/Imeacht go Luath a líonadh isteach leis na sonraí seo a leanas: a n-ainm, Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta, am teachta/imeachta, agus an fáth gur tháinig siad go mall nó gur imigh siad go luath.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal. Áirítear le seo úsáid uirlisí Intleachta Shaorga (IS) a dhéanann taifeadadh, tras-scríobh srl.

**Cnuaschruinnithe Dírithe Ar Líne (CCDanna):**

- **Riachtanas deimhnithe:** Ní mór do MNCanna freastal ar an gcnuaschruinniú ar feadh dhá uair iomlána chun deimhniú a fháil. Ní dócha go bhfaighidh MNC a thagann níos mó

ná 15 nóiméad déanach nó a fhágann go luath creidiúint as rannpháirteachas agus léireofar an t-eolas seo ar bhileog sínigh isteach an imeachta.

- **Neamhchomhlíonadh:** Mura gcomhlíontar an riachtanas seo, is féidir go gcoinneofaí siar an deimhniú agus go caithfí an cruinniú a athdhéanamh.
- Sa chás go dtagann MNC níos mó ná 15 nóiméad mall nó má theastaíonn uathu imeacht níos mó ná 15 nóiméad luath, ní mór dóibh an fhoirm maidir le **Teacht go Mall/ Imeacht go Luath** a líonadh isteach ar líne leis na sonraí seo a leanas: a n-ainm, Uimhir Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta, am teachta/imeachta, agus an fáth gur thainig siad go mall nó gur imigh siad go luath.
- Tá ar MNCanna a bheith infheicthe agus inchloiste ar feadh thréimhse an chnuaschruinnithe ar líne agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar ghléas a éascaíonn é seo (ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce, go hidéalach).
- Tá spás atá oiriúnach go gairmiúil agus ciúin, atá saor ó chur isteach/torann cúlra, riachtanach. Ná déan dearma fógraí a mhúchadh, aipeanna reatha a dhúnadh agus fóin a bhalbhú.
- Ba chóir do MNCanna logáil isteach sa chnuaschruinniú leis an ainm a úsáideadh chun clárú don imeacht (de réir a gClárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta) agus dul isteach sa seomra feithimh ar líne 5 nóiméad roimh an am tosaithe.
- Ní cheadaítear an cruinniú a thaifeadadh agus sáraíonn sin prótacal. Áirítear le seo úsáid uirlisí IS a dhéanann taifeadadh, tras-scríobh srl.

## Tar éis Cnuaschruinnithe

- Gheobhaidh MNCanna a ghlac páirt go hiomlán sa CC dhá uair a chloig Teastas Críochnaithe ar ríomhphost faoi cheann 10 lá oibre. Is féidir le MNCanna cóipeanna breise dá dteastas/dteastais a phriontáil trí logáil isteach ina gcuntais ar www.oide-droichead.com.
- Níor cheart Foirm D a shíniú ná a chur isteach go dtí go mbeidh an riachtanas iomlán maidir le cnuaschruinniú comhlíonta.
- Tabhair faoi deara nach féidir cnuaschruinnithe breise a éascú lasmuigh den fhéilire 2026.2027
- Chun tacaíocht a fháil maidir le cnuaschruinnithe, déan teagmháil le NQTinduction@oide.ie.
- Tá eolas ar fáil ar an rannóg Ionduchtú Droichead ar shuíomh gréasáin Oide https://oide.ie/ga/droichead/baile/.